# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2014

# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

**Arna cur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946**

# RÁITEAS MISIN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

*"Chun teacht ar bhonn chun comhaontú réalaíoch agus substaintiúil a bhaint amach trí shocruithe a sholáthar atá tapa, cothrom, neamhfhoirmiúil agus neamhchostasach ar mhaithe le breithniú a dhéanamh agus réiteach a fháil ar dhíospóidí tionsclaíocha".*

**CLÁR ÁBHAR** **Leathanach**


| | |
|---|---|
| **Réamhrá an Chathaoirligh** | **4** |
| **Comhaltaí na Cúirte Oibreachais in 2014** | **8** |
| **Ceannlínte 2014** | **9** |
| **Forbhreathnú ar 2014** | **10** |
| *Cásanna a tarchuireadh* | **10** |
| *Cásanna a tugadh chun críche* | **14** |
| *Éisteachtaí* | **15** |
| **Cásanna Os Comhair na Cúirte in 2014** | **16** |
| *Cásanna Caidrimh Thionscail* | **16** |
| *Cásanna Comhionannais* | **18** |
| *Cásanna um Eagrú Ama Oibre* | **20** |
| *Cásanna um Pá Íosta Náisiúnta* | **22** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)* | **23** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)* | **25** |
| *Cásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | **27** |
| **Treocht Chúig Bliana na dTarchur Díospóide** | **28** |
| **An Timpeallacht Chaidrimh Thionsclaíoch in 2014** | **28** |
| **Gníomhaíochtaí Eile** | **29** |
| *Comhchoistí Oibreachais* | **29** |
| *Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe* | **31** |
| *Comhchomhairlí Tionsclaíocha* | **33** |
| **Seirbhísí Tacaíochta** | **35** |
| **Aguisíní** | **37** |
| Aguisín 1 - Tarchuir a Fuarthas in 2014 | **38** |
| Aguisín 2 - Cásanna a Cuireadh i gCrích in 2014 | **41** |
| Aguisín 3 - Comhchomhairlí Tionsclaíocha | **45** |
| Aguisín 4 - Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais | **46** |
| Aguisín 5 - Struchtúr na Cúirte Oibreachais | **49** |
| Aguisín 6 - Breis Faisnéise | **51** |
| Aguisín 7 - Tuarascáil Airgeadais 2014 | **52** |
| Aguisín 8 - Clár Oibre na Cúirte Oibreachais 2014 | **53** |

**RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH**

## Forbhreathnú

Cé gur tháinig méadú ar líon na laethanta a cailleadh mar gheall ar dhíospóidí tionsclaíocha i rith na bliana faoi chaibidil, i gcomparáid le 2013, d'fhan an timpeallacht chaidrimh thionsclaíoch sách cobhsaí.

In 2014, bhí 14 stopadh oibre as ar eascair caillteanas 44,015 lá. Cuirtear sin i gcomparáid le 12 stopadh in 2013 as ar eascair caillteanas 14,965 lá. Ba stopadh oibre ina raibh baint ag múinteoirí meánscoile i Nollaig ba mhó ba chúis leis an méadú seo in 2014. Léirítear sin sa chaoi go raibh líon iomlán na laethanta a cailleadh sa bhliain iomlán, 23,770, san Earnáil Oideachais.

Leantar le hathrú suntasach a bhaint amach in áiteanna eile san Earnáil Phoiblí i socruithe oibre agus soláthar seirbhíse gan aon chur isteach orthu, go príomha mar gheall ar úsáid éifeachtach a bhaint as na nósanna imeachta réitigh díospóide a sholáthraíonn Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington). Faoin gcomhaontú sin, bíonn na páirtithe tiomanta chun saincheisteanna i ndíospóidí nach féidir a réiteach ar shlí eile a tharchur chuig an gCúirt go ndéanfar breithiúnas orthu, agus bíonn toradh an bhreithiúnais ina cheanglas ar gach páirtí. Cé go ndéantar an tarchur seo faoi alt 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 agus go n-eisíonn an Chúirt 'moladh' do na páirtithe, faoi théarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington, tá na páirtithe tiomanta chun glacadh le moltaí na Cúirte. Tugann taithí na Cúirte ardleibhéal tacaíochta le fios ag oibrithe na hEarnála Poiblí, a gceardchumainn agus a bhfostóirí leis na socruithe comhaontaithe seo, a mbíonn tiomantas do shíocháin thionsclaíoch a choimeád d'fhad an chomhaontaithe mar bhonn agus taca leo.

Sa bhliain faoi chaibidil, tháinig laghdú ar an líon foriomlán tarchur chuig an gCúirt anuas ó 967 in 2013 go dtí 849 in 2014. Ba é an t-athrú ba shuntasaí é sin a bhain le díospóidí caidrimh thionsclaíoch, áit ar fuarthas 86 tarchur ní ba lú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tarchuireadh 22 achomharc ní ba lú chuig an gCúirt faoin reachtaíocht chearta fostaíochta.

## Amfhrámaí

Is é sainchúram reachtúil na Cúirte bealach cothrom, neamhspleách agus costéifeachtúil a sholáthar chun díospóidí a bhaineann leis an ionad oibre a réiteach. Tá an Chúirt tiomanta i gcónaí do dháta éisteachta a sholáthar gan moill mhíchuí agus go soláthróidh siad cinneadh nó moladh laistigh d'amfhráma réasúnta i ndiaidh na héisteachta. Ar an meán, féadfaidh an Chúirt dáta éisteachta a sholáthar laistigh de 13 seachtaine tar éis tarchuir agus moladh a eisiúint laistigh de thrí seachtaine ó dháta éisteachta i gcásanna caidrimh thionsclaíoch agus cinneadh laistigh de shé seachtaine tar éis éisteachta i gcásanna um chearta fostaíochta. Baineann an Chúirt an sprioc sin amach in 80% de na cásanna. Is minice a bhíonn iarratais ar atráth ar féidir leo tionchar suaite

a bheith acu ar éifeachtúlacht oibríochtúil na Cúirte agus ar féidir le moill neamh-inmhianaithe eascairt astu ar dhiúscairt cásanna mar chúis le moill ar dháta éisteachta a sholáthar. Dá thoradh, ní dheonóidh an Chúirt atráth ach faoi chúinsí eisceachtúla agus an-láidre. Is minic a bhíonn teip ar na páirtithe chun an fhaisnéis uile a sholáthar don Chúirt a theastaíonn uaithi chun cás a dhiúscairt go cóir mar chúis le moilleanna ar mholtaí / chinntí a eisiúint, sa chás go dtarlaíonn siad. Leanann an Chúirt le líon córais bhainistithe cáis a úsáid atá dírithe ar a chinntiú go dtéann na páirtithe i ngleic le gach saincheist a thagann chun solais i gcás go cuí ina n-aighneachtaí réamhéisteachta.

## Leasú Caidrimh san Ionad Oibre

Eascróidh an t-athrú is soiléire ar oibriú na Cúirte ó tionscnaíodh í in 1946 ó achtú an Bhille um Chaidreamh san Áit Oibre, 2014. Go dtí seo, bhí príomhfheidhmeanna na Cúirte i réimse réitigh díospóide an chaidrimh thionsclaíoch. Cé gur fheidhmigh an Chúirt, ar feadh go leor blianta, ról comhordaithe i mbreithiúnas a thabhairt ar dhíospóidí ina raibh baint ag cearta reachtúla fostaíochta, tiocfaidh méadú suntasach ar mhéid na gcásanna siúd nuair a dhéanfar an t-aon chomhalta achomhairc as an gCúirt faoi gach achtú fostaíochta.

Is é cuspóir luaite an Aire chun na leasuithe reatha a thosú ná chun córas breithiúnais agus achomharc den chéad scoth a thabhairt isteach i gceisteanna cearta fostaíochta. Mar chuid dá tiomantas chun an cuspóir sin a bhaint amach, thug an Chúirt faoi líon tionscnamh atá dírithe ar ullmhú don ról fairsingithe sin a mbeidh uirthi tabhairt faoi. Ba é a bhí i gceist leis na tionscnaimh sin ná oiliúint a chur ar chomhaltaí na Cúirte chun déileáil leis an líon fairsing achtaithe a thiocfaidh faoi chuimsiú dhlínse na Cúirte nuair a chuirfear an reachtaíocht nua i bhfeidhm. Anuas air sin, thug an Chúirt faoi athbhreithniú críochnúil ar a rialacha nós imeachta agus a socruithe bainistithe inmheánaigh cáis, atá dírithe ar a chinntiú gur féidir léi leanúint leis an leibhéal optamach agus an cháilíocht chéanna seirbhíse a sholáthar, laistigh de na scálaí reatha ama, a sholáthraíonn sí faoi láthair. Ina leith sin, príomhchuspóir den Chúirt is ea a chinntiú go gcaomhnaítear lárnacht a róil síochánaíochta caidrimh thionsclaíoch laistigh de na socruithe nua.

Ní mór dom a aitheantas a thabhairt, chomh maith leis sin, do thoilteanas an Aire chun tacú leis an gCúirt trí na hacmhainní breise a sholáthar di a theastaíonn chun tabhairt faoin ról nua seo. Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun an ceathrú roinn den Chúirt a bhunú (Leas-Chathaoirleach, Comhalta Oibrí agus Comhalta Fostóra) agus chun post breise Leas-Chathaoirligh a chruthú. Sa mhullach air sin, tugadh gealltanas chun foireann bhreise tacaíochta a sholáthar don Chúirt.

## Cruinniú Bhreithiúna Chúirt Oibreachais na hEorpa

Bhí Cúirt Oibreachais na hÉireann ina n-óstaigh ar an 22ú Comhdháil de chuid Bhreithiúna Chúirt Oibreachais na hEorpa a bhí ar siúl sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath an 15 agus an 16 Meán Fómhair 2014. Bhunaigh an ILO an líonra de Chúirteanna Oibreachais na hEorpa 30

bliain ó shin chun fóram a sholáthar inar féidir le comhaltaí na gCúirteanna Oibreachais éagsúla, a dhéileálann le díospóidí idir oibrithe agus fostóirí, casadh go rialta ar a chéile agus saincheisteanna comhspéise agus comhbhuartha a phlé.

Tá an chuid is mó de na reachtanna cearta fostaíochta in Éirinn, agus áiteanna eile san Eoraip, bunaithe ar Threoracha beartais shóisialta an Aontais Eorpaigh atá in ainm is a chinntiú go gcuirtear caighdeáin choiteanna de chosaint i bhfeidhm i ngach ceann de na Ballstáit. Is amhlaidh atá seo, faoi mar a thug Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh chun suntais go minic, mar gheall nach mór na prionsabail atá lárnach i bhforálacha reachtaíochta Eorpacha a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais.

Ó thíortha a thagann comhaltaí an líonra seo ina bhfuil córais dlí an-éagsúla agus traidisiúin dlíthiúla an-éagsúla, ach i gcomhréir le prionsabail bhunaithe de Dhlí na hEorpa, ní mór dóibh a reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm ar bhealach a chruthaíonn toradh coiteann a chloíonn leis an gcuspóir a dtugann Reachtaíocht na hEorpa faoina bhaint amach, ar a mbunaítear é. Soláthraíonn líonra an ILO deis luachmhar do chomhaltaí na gCúirteanna Oibreachais Eorpacha foghlaim ó thaithí a chéile agus chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí a tháinig ar dhlí fhostaíochta ar fud an Aontais agus i dtíortha eile ag leanúint an traidisiúin Eorpaigh.

Eagraíodh comhdháil 2014 thart ar dhá ábhar thábhachtacha; tionchar na dTeicneolaíochtaí Faisnéise (TF) ar chaidreamh tionsclaíoch agus fostaíochta agus éifeacht aistriú rannpháirtíochtaí ar chomhaontuithe comhchoiteanna.

Sholáthair an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an acmhainn airgeadais a theastaigh chun an chomhdháil a óstáil, don Chúirt, a bhfuilim buíoch as. Anuas air sin, ba mhian liom buíochas a chur in iúl don chúnamh a fuair an Chúirt ó Dhéin agus ó áis Scoil Dlí Sutherland in UCD a sholáthair na háiseanna don Chúirt chun an chomhdháil a chur ar siúl. Labhair an tAire Gnó agus Fostaíochta, an tUasal Ged Nash, T.D., leis na toscairí. D’óstáil an tAire fáiltiú do na toscairí chomh maith.

## Athrú ar Bhallraíocht na Cúirte

I rith na bliana, tháinig athrú amháin ar bhallraíocht na Cúirte. I bhFeabhra 2014, chuaigh Pádraigín Ní Mhurchú ar scor mar Chomhalta Oibrí den Chúirt. Tháinig Andrew McCarthy, iar-Eagraí Roinne le SIPTU ina hionad.

Ba í Pádraigín an comhalta b’fhada a d’fhóin i stair na Cúirte. Ceapadh i dtosach í i 1984 tar éis gairm dhearscnaitheach a bheith aici i ngluaiseacht na gceardchumann, agus ina dhiaidh sin, ceapadh í mar Rúnaí Ginearálta Cheardchumann Oibrithe Ban na hÉireann. Chuir Pádraigín go rí-mhór le forbairt na Cúirte i rith na tréimhse a chaith sí in oifig. D’aithin a comhghleacaithe, a fostóirí agus na ceardchumainn a saintréithe pearsanta agus gairmiúla go fairsing mar aon lena

cumas chun déileáil go rathúil le díospóidí casta ina raibh caidreamh tionsclaíoch agus saincheisteanna dlíthiúla araon i gceist. Guím scor fada agus sonra uirthi.

## Aitheantas

Ar deireadh thiar, ba mhian liom mo bhuíochas a léiriú d'obair agus do thiomantas an Leas-Chathaoirligh agus Chomhaltaí na Cúirte, agus ár bhfoirne tacaíochta, ar chuir gach duine díobh le rath na Cúirte maidir le tabhairt faoina sainchúram reachtúil. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil lenár mBainisteoir Riaracháin, Brenda Ward, a sholáthraíonn tacaíocht fhíor-luachmhar dom chun gnóthaí riaracháin na Cúirte a bhainistiú. Ar a bharr sin uile, ba mhian liom buíochas a chur in iúl d'Aire agus do Rúnaí Ginearálta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus d'oifigigh na Roinne as ucht a dtacaíochta agus a gcabhrach leanúnaí i rith na bliana.

**Kevin Duffy**
**Cathaoirleach**

**Bealtaine 2015**

## COMHALTAÍ NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2014

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | *Kevin Duffy* |
| **Leas-Chathaoirligh** | *Caroline Jenkinson*<br>*Brendan Hayes* |
| **Comhaltaí Fostóra** | *Peter Murphy*<br>*Sylvia Doyle*<br>*Mary Cryan* |
| **Comhaltaí Oibrí** | *Pádraigín Ní Mhurchú a fhad le Márta 2014*<br>*Andrew McCarthy ó Aibreán 2014 ar aghaidh*<br>*Jerry Shanahan*<br>*Linda Tanham* |
| **Cláraitheoir** | *Hugh O'Neill* |

## CEANNLÍNTE 2014

In 2014:

- Fuair an Chúirt Oibreachais 849 tarchur
- Bhí 698 éisteacht ar bun ag an gCúirt Oibreachais
- D'eisigh an Chúirt Oibreachais 568 Moladh/Cinntiúchan/Cinneadh/Ordú
- D'imscrúdaigh an Chúirt Oibreachais 104 cás a réitíodh roimh an éisteacht nó ag an éisteacht

agus

- Chláraigh an Chúirt Oibreachais Comhaontú Comhchoiteann amháin faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997

**Obair na Cúirte Oibreachais in 2014 i gcomparáid le 2013**

| Catagóir | Líon in 2014 | Líon in 2013 |
|---|---|---|
| Tarchur a fuarthas | 849 | 957 |
| Éisteachtaí | 698 | 737 |
| Moltaí etc. a eisíodh | 568 | 655 |
| Cásanna a réitíodh roimh Éisteacht/ag Éisteacht | 104 | 145 |
| Comhaontuithe Comhchoiteanna a faomhadh: | | |
| *An tAcht um Eagrú Ama Oibre* | 1 | 1 |
| *An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)* | 0 | 0 |
| Orduithe Rialúcháin Fostaíochta a rinneadh | 0 | 0 |
| Comhchomhairlí Tionsclaíocha a cláraíodh | 0 | 0 |
| Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe: | | |
| *Clárúcháin* | 0 | 0 |
| *Éagsúlachtaí* | 0 | 0 |

## FORBHREATHNÚ AR 2014

### *CÁSANNA A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2014*

***An Líon Tarchur***

| | 2014 | 2013 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionsclaíoch | 469 | 555 | -86 |
| Cearta Fostaíochta | 380 | 402 | -22 |
| **Iomlán** | **849** | **957** | **-108 (-11%)** |

Ar an iomlán, b'ann do laghdú 11% ar tharchur chuig an gCúirt Oibreachais in 2014, i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (anuas ó 957 go dtí 849) agus bhí athrú níos suntasaí le sonrú i roinnt fochatagóirí tarchuir.

B'ionann an tarchur faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2012 agus 55% den tarchur iomlán. Léirigh an aicme tharchuir seo laghdú foriomlán 86 nó 15% i gcomparáid le 2013 (469 tarchur i gcomparáid le 555 in 2013).

Laistigh de limistéar na reachtaíochta Cearta Fostaíochta, b'ionann tarchur i gcaitheamh na bliana agus 45% de na cásanna a tháinig faoi bhráid na Cúirte agus tháinig laghdú 22 (5%) orthu. Cé go raibh an líon foriomlán de tharchur faoin reachtaíocht Chearta Fostaíochta nach mór cosúil lena chéile, bhí athrú níos suntasaí le sonrú i roinnt fochatagóirí. Tháinig an méadú ba shuntasaí ar tharchur i gcásanna Faisnéis Fostaí agus Comhairliúcháin, ar tháinig méadú aníos go dtí 17 gcás orthu, i gcomparáid le 4 chás an bhliain roimhe seo. Chomh maith leis sin, tugadh laghduithe faoi deara ar an líon achomharc i leith chinntí an Bhinse Comhionannais, anuas ó 70 go dtí 53 achomharc agus ar tharchur faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012, anuas ó 25 go dtí 13.

***Próifíl na dTarchur – de réir Catagóire***

| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Athrú** |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionsclaíoch | 469 | 555 | -86 |
| Cearta Fostaíochta: | 380 | 402 | -22 |
| Comhionannas | 53 | 70 | -17 |
| Eagrú Ama Oibre | 183 | 207 | -24 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 26 | 23 | +3 |
| Obair Pháirtaimseartha | 12 | 10 | +2 |
| Obair Théarma Shocraithe | 41 | 41 | 0 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 19 | 21 | -2 |
| Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe | 17 | 4 | -13 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0 | 0 | 0 |
| An tAcht Sláinte | 2 | 0 | +2 |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 13 | 25 | -12 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil | 0 | 1 | -1 |
| Iompar ar Bóthar | 14 | 0 | +14 |
| **Iomlán** | **849** | **957** | **-108** |

***Catagóirí Tarchuir – mar Chomhréir den Tarchur Iomlán***

| Catagóir | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Caidreamh Tionsclaíoch | 55% | 58% |
| Cearta Fostaíochta: | 45% | 42% |
| Comhionannas | 7% | 7% |
| Eagrú Ama Oibre | 21% | 22% |
| Pá Íosta Náisiúnta | 3% | 2% |
| Obair Pháirtaimseartha | 1% | 1% |
| Obair Théarma Shocraithe | 5% | 4% |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 2% | 2% |
| Faisnéis agus Comhairliúchán | 2% | 0.4% |
| An tAcht Sláinte | .2% | 0 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0% | 0 |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 2% | 3% |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil | 0% | 0.1% |
| Iompar ar Bóthar | 2% | |

***Próifíl na dTarchur – de réir Foinse***

| **Foinse** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Cásanna lenar bhain an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais roimhe seo – | 648 | 638 |
| **as a raibh** | 183 | 166 |
| Tarchur ó sheirbhísí idir-réitigh[1] | 0 | 0 |
| Tarchur ó sheirbhísí comhairleacha[2] | 465 | 472 |
| Achomharc i leith Mholadh/Chinneadh an Choimisinéara um Chearta | | |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | | |
| Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 53 | 70 |
| Tarchur díreach[3] | 146 | 200 |
| Eile[4] | 2 | 49 |
| **Iomlán** | **849** | **957** |

[1] Áirítear leis seo líon cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh Moladh a eisiúint ag an gCúirt. Anuas air sin, áirítear leis tarchur faoi Alt 26 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 agus tarchur faoi Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

[2] Cásanna nach raibh nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm.

[3] Áirítear leo seo tarchur faoi Alt 20 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 sa chás go gcomhaontaíonn an gearánaí nó an bheirt pháirtithe roimh ré chun glacadh le Moladh na Cúirte; tarchur a dhéantar go díreach chuig an gCúirt faoi Alt 26(5) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990; tar faoi Alt 2(1) den Caidrimh Thionscail, 2001 (arna leasú) sa chás nach bhfuil nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm.

[4] Áirítear le “Eile” gearáin ag fostaithe nó ag ceardchumainn faoi shárú Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) dá dtagraítear faoi Alt 32 den Caidrimh Thionscail, 1946 nó faoi Alt 10 den Caidrimh Thionscail, 1969; iarratais ar chinntiúcháin faoi Alt 6Caidrimh Thionscail, 2001; cásanna lena mbaineann léirmhíniú CFCanna; agus tarchur faoi fhorálacha éagsúla cearta fostaíochta.

**Leagtar amach sonraí faoi tharchur faoi achtuithe éagsúla in Aguisín 1.**

***Forbhreathnú ar 2014 – ar leanúint***

*CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE AG AN GCÚIRT SA BHLIAIN 2014*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche***

| 2014 | 2013 | Difríocht |
|---|---|---|
| 672 | 800 | -128 |

***Próifíl na gCásanna a Tugadh Chun Críche – de réir Catagóire***

| Catagóir | 2014 | 2013 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionsclaíoch | 386 | 492 | -106 |
| Comhionannas | 50 | 39 | +11 |
| Eagrú Ama Oibre | 145 | 179 | -34 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 24 | 14 | +10 |
| Obair Pháirtaimseartha | 7 | 5 | +2 |
| Obair Théarma Shocraithe | 31 | 39 | -8 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 8 | 21 | -13 |
| Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe | 8 | 7 | +1 |
| An tAcht Sláinte | 0 | 0 | 0 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0 | 0 | 0 |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 8 | 4 | +4 |
| Iompar ar Bóthar | 5 | 0 | +5 |
| **Iomlán** | **672** | **800** | **-128** |

**Áirítear sonraí faoi na cásanna a thug an Chúirt chun críche faoi achtuithe éagsúla in Aguisín 2.**

***Forbhreathnú ar 2014 – ar leanúint***

*ÉISTEACHTAÍ IN 2014*

***Líon na nÉisteachtaí***

Bhí 698 éisteacht ar bun ag an gCúirt, ar an iomlán, in 2014, i gcomparáid le 737 in 2013. Ar mhaithe leis na héisteachtaí seo, d'eagraigh an Chúirt suíonna ag 13 láthair ar an iomlán.

***Foinsí na gCásanna ar Éisteadh leo in 2014***

Léiríonn an méid a leanas foinsí na gcásanna ar éist an Chúirt leo in 2014, bunaithe ar sheoladh an fhostóra:

| Contae | Líon na gCásanna in 2014 |
|---|---|
| **Ceatharlach** | 6 |
| **An Cabhán** | 3 |
| **An Clár** | 9 |
| **Corcaigh** | 55 |
| **Dún na nGall** | 8 |
| **Baile Átha Cliath** | 396 |
| **Gaillimh** | 50 |
| **Ciarraí** | 7 |
| **Cill Dara** | 9 |
| **Cill Chainnigh** | 7 |
| **Laois** | 9 |
| **Liatroim** | 1 |
| **Luimneach** | 34 |
| **An Longfort** | 1 |
| **Lú** | 8 |
| **Maigh Eo** | 15 |
| **An Mhí** | 9 |
| **Muineachán** | 4 |
| **Uíbh Fhailí** | 4 |
| **Ros Comáin** | 0 |
| **Sligeach** | 6 |
| **Réigiún Thuaidh Thiobraid Árann** | 11 |
| **Réigiún Theas Thiobraid Árann** | 7 |
| **Port Láirge** | 18 |
| **An Iarmhí** | 5 |
| **Loch Garman** | 11 |
| **Cill Mhantáin** | 5 |
| **Iasachta** | 0 |
| **Iomlán** | **698** |

## CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH IN 2014

### *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

***An Líon Tarchur Caidrimh Thionsclaíoch a Fuarthas***

| **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|
| 469 | 555 | -86 |

Tháinig laghdú 15% ar an líon tarchur faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2012. Cé gur fhan an chuid ba mhó de na catagóirí seasmhach go maith, bhí roinnt eisceachtaí ann i leith threocht 2013.

**Áirítear sonraí faoi na cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi achtuithe éagsúla in Aguisín 1.**

***Próifíl na gCásanna Caidrimh Thionsclaíoch a Fuarthas***

| **Foinse** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Tarchur ó CCT (idir-réiteach)* | 183 | 166 | +17 |
| Achomharc i leith Moltaí Coimisinéirí um Chearta | 155 | 144 | +11 |
| Gearán ag comhlacht fostóra i leith sárú CFC | 0 | 10 | -10 |
| Gearán ag ceardchumann i leith sárú CFC | 0 | 37 | -37 |
| Tarchur díreach – réamhghlacadh Molta | 128 | 196 | -68 |
| Tarchur díreach nach bhfuil aon nósanna imeachta i bhfeidhm | 1 | 0 | +1 |
| Léirmhíniú Comhaontú Fostaíochta Cláraithe/Scóip an Chomhchiste Oibreachais nó Ordú Rialúcháin Fostaíochta | 0 | 2 | -2 |
| Léirmhíniú Pá agus Coinníollacha | 2 | 0 | +2 |

*Áirítear leis seo líon cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh gur eisíodh Moladh.

### *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna Caidrimh Thionsclaíoch a Tugadh chun Críche***

| **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|
| 386 | 492 | -106 |

## *ACHOMHAIRC I GCÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH*

Féadtar moltaí Coimisinéirí um Chearta i gcásanna caidrimh thionscail a achomharc leis an gCúirt Oibreachais ag ceachtar páirtí i ndíospóid. D'eisigh an Chúirt cinntí in 103 achomharc i leith na moltaí sin in 2014; réitíodh 20 cás sa bhreis roimh éisteacht na Cúirte Oibreachais nó ag éisteacht na Cúirte Oibreachais.

***Foinsí na nAchomharc Caidrimh Thionsclaíoch***

| **Achomharc ag** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Oibrí | 77 (75%) | 77 (76%) |
| Fostóir | 25 (24%) | 23 (23%) |
| An dá thaobh | 1 (1%) | 1 (1%) |
| **Iomlán** | **103** | **101** |

***Toradh na nAchomharc Caidrimh Thionsclaíoch***

| **Toradh an Achomhairc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Seasadh le moladh an Choimisinéara um Chearta | 50 (48%) | 45 (45 %) |
| Rinneadh moladh an Choimisinéara um Chearta a éagsúlú/a leasú | 46 (45%) | 47 (46%) |
| Cuireadh moladh an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 7 (7%) | 9 (9%) |
| Eile | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **103** | **101** |

## CÁSANNA COMHIONANNAIS IN 2014

### *CÁSANNA COMHIONANNAIS A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

***An Líon Tarchur Comhionannais***

| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 48 | 67 | -19 |
| Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais i dtaca le teorainn ama | 4 | 3 | +1 |
| Achomharc faoin Acht Pinsean | 1 | 0 | +1 |
| **Iomlán** | **53** | **70** | **17** |

***Forais Idirdhealaitheacha a Luaitear in Achomhairc Chomhionannais a Tharchuirtear***

Sna 53 achomharc faoi Alt 83 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2012, luadh seacht gcinn de na forais idirdhealaitheacha a ndearnadh foráil dóibh faoin reachtaíocht. Luadh breis agus foras amháin i roinnt cásanna.

***Líon na gcásanna inar luadh gach foras***

| **Inscne** | **Cineál** | **Stádas Teaghlaigh** | **Aois** | **Míchumas** | **Claonadh Gnéasach** | **Stádas Pósta** | **Reiligiún** | **Ballraíocht den Lucht Pobal** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 12 | 19 | 2 | 13 | 16 | 0 | 2 | 1 | 0 |

***Líon na bhforas a luadh in aghaidh an achomhairc a tarchuireadh chuig an gCúirt***

| | |
|---|---|
| Luadh foras singil | 46 achomharc |
| Luadh dhá foras | 4 achomharc |
| Luadh trí fhoras nó níos mó | 3 achomharc |

## *CÁSANNA COMHIONANNAIS A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna Comhionannais a Tugadh Chun Críche***

| **Saghas/foinse** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Díbhe (atreorú díreach ag duine/daoine aonair) | 0 | 0 | 0 |
| Achomhairc | 50 | 39 | +12 |
| **Iomlán** | **50** | **39** | **+12** |

***Foinse agus Toradh na gCásanna Achomhairc***

As na 50 cás achomharc comhionannais a thug an Chúirt chun críche in 2014, réitíodh 5 díobh ag éisteacht nó i ndiaidh éisteachta, agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna siúd. Léiríonn an méid a leanas foinse agus toradh na n-achomharc sna 45 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán:

***Foinse na nAchomharc***

| **Achomharc ag** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Oibrí | 34 | 25 |
| Fostóir | 11 | 10 |
| An dá thaobh | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **45** | **36** |

***Toradh na nAchomharc***

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Deimhníodh Cinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 26 | 22 |
| Cuireadh Cinneadh an Stiúrthóra ar ceal | 6 | 7 |
| Rinneadh Cinneadh an Stiúrthóra a éagsúlú | 13 | 7 |
| **Iomlán** | **45** | **36** |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM EAGRÚ AMA OIBRE IN 2014

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997:

- comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a cheadú agus a chlárú
- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

***Achomhairc in 2013***

Fuair agus d'fhaomh an Chúirt Oibreachais comhaontú comhchoiteann amháin le linn 2014.

### *CÁSANNA AMA OIBRE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

***An Líon agus Catagóirí Tarchur***

| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 116 | 107 | +9 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 67 | 100 | -33 |
| **Iomlán** | **183** | **207** | **-24** |

## *CÁSANNA UM AM OIBRE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche – de réir Catagóire***

| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 90 | 84 | +6 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 55 | 95 | -40 |
| **Iomlán** | **145** | **179** | **-34** |

***Achomhairc a Tugadh chun Críche – Foinse agus Toradh***

Amach as na 90 cás achomharc comhionannais, réitíodh 16 díobh ag éisteacht nó i ndiaidh éisteachta agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 74 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

***Foinse na nAchomharc***

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 22 (30%) | 32 (43%) |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 51 (69%) | 43 (57%) |
| Achomharc ag an mBeirt | 1 (1%) | 0 |
| **Iomlán** | **74** | **75** |

***Toradh na nAchomharc***

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 23 (31%) | 38 (50%) |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a éagsúlú/a leasú | 39 (53%) | 20 (27%) |
| Cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 12 (16%) | 17 (23%) |
| **Iomlán** | **74** | **75** |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte,** *www.workplacerelations.ie*

## CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA IN 2014

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 2000:

- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár comhlíonadh/nár comhlíonadh go hiomlán cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act
- teacht ar chinneadh ar iarratais i gcomhair díolúine (shealadach) ón dualgas teidlíochtaí a íoc le fostaithe faoin Acht.

### *TARCHUR UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA A FUARTHAS*

***Líon agus Catagóirí na gCásanna a Tarchuireadh***

| Catagóir | 2014 | 2013 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 21 | 16 | +5 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 5 | 7 | -2 |
| Iarratais ar dhíolúine ó fhorálacha an Achta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **26** | **23** | **+3** |

### *CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire***

| Catagóir | 2014 | 2013 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 19 | 8 | +11 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 5 | 6 | -1 |
| **Iomlán** | **24** | **14** | **+10** |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA) IN 2014

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre (Obair Pháirtaimseartha), 2001:

- comhaontuithe comhchoiteanna a cheadú faoin Acht maidir le breachfhostaithe páirtaimseartha
- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

Ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratais ar cheadú comhaontaithe chomhchoitinn le linn 2014.

### *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2014*

***An Líon agus Catagóirí Tarchur***

| **Catagóir** | **An Líon Tarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 12 | 10 | +2 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **12** | **10** | **+2** |

## *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2014*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire***

| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 7 | 5 | +2 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **7** | **5** | **+2** |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR THÉARMA SHOCRAITHE) IN 2014

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003:

- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

### *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2014*

***An Líon agus Catagóirí Tarchur***

| | **An Líon Tarchur** | | |
|---|---|---|---|
| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 39 | 37 | +2 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 2 | 4 | -2 |
| **Iomlán** | **41** | **41** | **0** |

### *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2014*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire***

| **Catagóir** | **2013** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 29 | 37 | -8 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 2 | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **31** | **39** | **-8** |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche – Foinse agus Toradh*

Amach as na 31 achomharc a chríochnaigh an Chúirt, réitíodh 6 díobh ag éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán sna 8 gcás siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 23 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| **Foinse an Achomhairc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 6 (24%) | 9 (29%) |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 18 (72%) | 22 (71%) |
| Achomharc ag an mBeirt | 1 (4%) | |
| **Iomlán** | **25** | **31** |

| **Toradh an Achomhairc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 9 (39%) | 16 |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a éagsúlú/a leasú | 5 (22%) | 6 |
| Cuireadh ar leataobh cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 8 (35%) | 9 |
| Eile | 1 (4%) | 0 |
| **Iomlán** | **23** | **31** |

**Féadtar téacs gach ceann de na cásanna inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR IN 2014

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005:

- achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

### *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2014*

***An Líon agus Catagóirí Tarchur***

| | **An Líon Tarchur** | | |
|---|---|---|---|
| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 18 | 19 | -1 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 1 | 2 | -1 |
| **Iomlán** | **19** | **21** | **-2** |

### *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2014*

***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche - de réir Catagóire***

| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 7 | 21 | -14 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 1 | 0 | +1 |
| **Iomlán** | **8** | **21** | **-13** |

**Féadtar téacs gach ceann de na hachomhairc inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte,** www.workplacerelations.ie

## TARCHUR DÍOSPÓIDE: TREOCHT CHÚIG BLIANA 2010-2014

### *TARCHUR DÍOSPÓIDÍ FOSTAÍOCHTA*

***An Chúirt Oibreachais***

| **Bliain** | **An Líon Tarchur** |
|---|---|
| **2014** | **849** |
| **2013** | **957** |
| **2012** | **1,181** |
| **2011** | **1,254** |
| **2010** | **1,452** |
| | |
| **Meán 5 bliana** | **1,139** |

### *AN TIMPEALLACHT CHAIDRIMH THIONSCLAÍOCH IN 2014*

Ba é 44,015 líon na laethanta a cailleadh de bharr díospóidí tionsclaíocha in 2014, i gcomparáid le 14,965 don bhliain 2013.

Bhí 12 dhíospóid thionsclaíocha ann in 2013, ag a raibh tionchar ar 11,924 oibrí agus 12 ghnóthas.

***Díospóidí tionsclaíocha: Le cúig bliana anuas***

| **Catagóir** | **2014** | **2013** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDíospóidí | 14 | 12 | 5 | 8 | 14 |
| Líon na nGnóthas | 14 | 12 | 5 | 8 | 14 |
| Líon na nOibrithe | 32,363 | 11,924 | 1,920 | 1,384 | 511 |
| Líon na Laethanta a Cailleadh | 44,015 | 14,965 | 8,486 | 3,695 | 6,602 |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

### *COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS*

***Cad iad na Comhchoistí Oibreachais?***

Sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2012, foráiltear córas Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), meicníocht atá deartha chun gur féidir íosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha fostaíochta reachtúla a leagan síos in earnálacha ar leith.

Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách atá i gComhchoiste Oibreachais. Foilsíonn an CCO mionsonraí nuair a thagann siad ar chomhaontú i leith téarmaí agus coinníollacha, agus tugtar cuireadh roimh aighneachtaí. Féadfaidh an Coiste tograí a dhéanamh, tar éis don aighneacht a bhreithniú, d'fhonn Ordú Rialúcháin Fostaíochta a dhéanamh (féach thíos).

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais le hobair na CCOanna trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile a sholáthar dá gcruinnithe.

Chuir rialú na hArd-Chúirt in Iúil 2011, a rinne an breithiúnas go raibh an mheicníocht socraithe pá a bhí á hoibriú ag na CCOanna míbhunreachtúil, stad le gníomhaíocht CCO in 2013.

***Athchóiriú na gComhchoistí Oibreachais***

Déantar socrú in Alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 (curtha isteach le hAlt 11 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012) go ndéanfaidh an Chúirt Oibreachais athbhreithnithe ar gach Comhchoiste Oibreachais (CCO), a luaithe is indéanta i ndiaidh thosach an Achta, agus uair amháin gach cúig bliana ina dhiaidh sin. In 2013, rinne an Chúirt Oibreachais athbhreithniú dá leithéid. Ina hathbhreithniú, bhreithnigh an Chúirt Oibreachais ar cheart nó nár cheart CCO ar bith a dhíothú, a choinneáil ina fhoirm reatha, a chónasc le CCO eile nó a ordú bunaithe a leasú. Chuir an Chúirt Oibreachais a tuarascáil faoi bhráid an Aire le linn 2013.

Rinneadh moladh sa Tuarascáil go ndéanfaí líon foriomlán na CCOanna a laghdú agus go ndéanfaí scóip CCOanna eile a leasú chun cúinsí atá ag athrú sna hearnálacha ina bhfeidhmíonn na CCOanna sin a chur san áireamh.

An 1 Deireadh Fómhair 2013, d'fhoilsigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Tuarascáil um Athbhreithniú na Cúirte Oibreachais ar chóras na gComhchoistí Oibreachais ag glacadh leis na moltaí a bhí sa Tuarascáil. Moladh sa tuarascáil CCOanna Óstáin Bhaile Átha Cliath agus na gCléireach Dlí a dhíothú, scóip na CCOanna Talmhaíochta, Gruagaireachta, Grósaeireacht Mhiondíola, Óstán (lasmuigh de Bhaile Átha Cliath), Glanadh agus Slándáil Conraitheoireachta a theorannú agus riarachán dhá CCO lónadóireachta a leasú ar feitheamh a gcónaisc i ndiaidh reachtaíocht leasaithe. Sa chomhthéacs deireanach, shonraigh an tAire fosta go bhfuil sé beartaithe aige breathnú ar an CCO Gruagaireachta a chur i bhfeidhm ar fud na tíre nuair a rithfear an reachtaíocht riachtanach.

***Orduithe Rialúcháin Fostaíochta (ORFanna)***

Is éard atá in Ordú Rialúcháin Fostaíochta (ORF) ionstraim reachtúil ina leagtar síos rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóir shainithe oibre in earnáil ar leith. Ar bhun moltaí a fhaightear ón CCO don earnáil sin agus lenar ghlac an Chúirt Oibreachais, déanann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ORF ina ndearbhaítear téarmaí an ORF má tá sé sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla. Ní mór gach ordú a dhéanann an tAire a chur faoi bhráid gach Tí an Oireachtais agus féadfar iad a chur ar neamhní le réiteach ceachtar Tí.

Trí ORF a dhéanamh, tá na rátaí pá agus na coinníollacha atá ann infhorfheidhmithe sa dlí: mar sin, is féidir leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) sárú ar an ORF a fhiosrú agus is féidir leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta an sárú sin a ionchúiseamh.

### *Gníomhaíochtaí sa limistéar seo in 2014*

Athbhunaíodh trí Chomhchoiste Oibreachais in 2014 – an CCO Slándála, an CCO Glanta ar Conradh agus an CCO Gruagaireachta. Tionóladh 13 chruinniú den Chomhchoiste Oibreachais i rith 2014 agus ní dhearnadh aon Orduithe Rialúcháin faoi na forálacha nua.

Sa limistéar gruagaireachta, tá soláthar sna ORFanna ábhartha le haghaidh clárúcháin ag CCO foghlaimeoirí (printísigh) i gceirdeanna san earnáil sin. B'ionann líon na n-iarratas ar chlárú foghlaimeoirí sa cheird seo, ar a ndéanann an Chúirt Oibreachais bainistiú ar a gclárúchán, agus 153 in 2014.

## *COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE*

### ***Cad iad Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe?***

Is éard atá i gcomhaontuithe fostaíochta (dá bhforáiltear sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2012) comhaontuithe ar phá agus ar choinníollacha fostaíochta a thugann dhá thaobh tionscail nó fiontair i gconclúid. Féadfaidh aon pháirtí leis an gcomhaontú fostaíochta sin iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a chlárú sa *Chlár Comhaontuithe Fostaíochta*.

Sa chás go bhfuil an Chúirt Oibreachais sásta go sásaíonn comhaontú a chuirtear i láthair na ceanglais ábhartha reachtúla, cláróidh siad an comhaontú. Is é an tionchar a bhíonn aige seo forálacha an chomhaontaithe a dhéanamh infheidhme i dtaobh an dlí de i dtaca le gach oibrí den aicme, den chineál nó den ghrúpa atá sainráite a chur i bhfeidhm, agus i leith a f(h)ostóra, fiú mura bhfuil an t-oibrí nó an fostóir sin ina p(h)áirtí leis an gcomhaontú.

Má fhorálann comhaontú fostaíochta cláraithe d'éagsúlú aon chinn dá fhorálacha, féadfaidh aon pháirtí den chomhaontú iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a éagsúlú, amhail bheith cláraithe. Má mheasann an Chúirt, tar éis dóibh tabhairt faoi na nósanna imeachta riachtanacha, féadfaidh siad Ordú Éagsúlachta a dhéanamh.

Rinneadh leasuithe áirithe ar an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012 i dtaca le Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe.  Is é is éifeacht leis na leasuithe nach féidir leis an gCúirt comhaontú a dhéanamh mura bhfuil sí sásta go bhfuil sé cuí amhlaidh a dhéanamh faoi threoir na gcritéar liostaithe.  Sa chás go gcláraíonn an Chúirt comhaontú tá oibleagáid uirthi é sin a chur in iúl don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.  Féadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ordú a dhéanamh ina ndearbhaítear téarmaí an chomhaontaithe má tá sé sásta gur comhlíonadh coinníollacha reachtúla an Achta.   Ní mór gach ordú a dhéanann an tAire a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus féadfar iad a chur ar neamhní le réiteach ceachtar Tí.

***Clárúcháin in 2014***

Ní dhearnadh Comhaontuithe Fostaíochta ar bith faoi na forálacha nua i rith 2014.

Ta fáil ar sonraí faoi na comhaontuithe fostaíochta a leanas ar láithreán gréasáin na Cúirte Oibreachais ag www.workplacerelations.ie

- An Tionscal Tógála (Pánna agus Coinníollacha Fostaíochta)
- An Tionscal Tógála (Árachas Pinsean agus Pá Breoiteachta)
- An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí
- Éadaitheoireacht, Coisbheart agus Comhcheirdeanna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- Tionscal na Clódóireachta (Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath)
- Línte Cumhachta Lasnairde
- An Tionscal Glanta ar Conradh

***Sáruithe ar Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe***

Is féidir gearán maidir le sárú ar chomhaontú fostaíochta cláraithe a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 nó faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, is féidir leis an gCúirt

ordú a dhéanamh go ndéanfar nithe ar leith chun cloí leis an gComhaontú. Féadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ionchúiseamh a dhéanamh nuair nach gcloítear le hOrdú den sórt sin.

In 2014, ní dhearnadh aon ghearáin faoi sháruithe ar chomhaontuithe fostaíochta cláraithe leis an gCúirt Oibreachais.

Dearbhaíodh i mbreithiúnas a rinne an Chúirt Uachtarach an 9 Bealtaine 2013 go raibh Cuid III den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 neamhbhailí maidir le hAirteagal 15.2.1 den Bhunreacht. Is é is éifeacht leis an gcinneadh seo clárú comhaontuithe fostaíochta a bhí cláraithe roimhe faoin Acht sin a dhéanamh neamhbhailí. Dá réir sin, ní raibh údarás a thuilleadh ag an gCúirt chun na comhaontuithe sin a fhorfheidhmiú, a léirmhíniú nó iad a chur i bhfeidhm ar dhóigh ar bith eile. Chiallaigh sé sin nach bhféadfadh an Chúirt Oibreachais gearáin um sháruithe maidir le comhaontuithe fostaíochta cláraithe faoi alt 32 d'Acht 1946 agus faoi alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969, a bhaineann le comhaontuithe a bhí cláraithe faoi fhorálacha neamhbhailí Acht 1946, a ghlacadh nó a phróiseáil ón 9 Bealtaine 2013 i leith.

## *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCLAÍOCHA*

### ***Cad iad Comhchomhairlí Tionsclaíocha (CCTanna)?***

Is éard atá i *"gComhchomhairle Tionsclaíoch"* comhlacht idirghabhála deonach do thionscail nó do chuid de thionscail atá ina n-ionadaí d'fhostóirí agus d'oibrithe. Má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa reachtaíocht caidrimh thionscail, féadfaidh sé iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an gCúirt. Má bhíonn an Chúirt sásta leis an iarratas, cuirfidh siad an comhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na Comhairlí trí oifigeach den Chúirt a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe.

Ag deireadh 2014, b'ann do 5 Chomhchomhairle Thionsclaíocha ar an gClár agus, amhail a cheanglaítear faoi Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, áirítear sonraí fúthu seo in Aguisín 3.

***Gníomhaíochtaí na CCTanna Cláraithe in 2014***

Thionóil an Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Trádála 2 chruinniú in 2014.

***CCTanna 'neamhchláraithe'***

Amach ó na 5 chomhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha, is ann do líon comhlachtaí eile a thugann faoi ghníomhaíochtaí comhchosúla ach nach ndearna iarratas ar chlárú. Ina theannta sin, cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach den Chúirt ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe na gcomhlachtaí sin, agus d'fhreastail oifigigh na Cúirte ar na Comhchomhairlí 'neamhchláraithe' Tionsclaíocha a leanas in 2014:

**An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí** (7 gcruinniú)
**Fostaithe Tionsclaíocha Stáit** (6 chruinniú)

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

### *SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA IN 2014*

***Bainistíocht Airgeadais***

Tá an Chúirt Oibreachais á maoiniú ag an Státchiste, tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Thabhaigh an Chúirt caiteachas dar luach €2.08 milliún le linn 2014. Chuimsigh sé seo €1.8 milliún i dtaca le pá agus €0.26 milliún i dtaca le neamhphá. Déantar airgead uile na Cúirte Oibreachais a riar trí bhuiséad na Roinne agus is cuid de chuntais na Roinne é. Chomh maith lena tairiscintí féin a eagrú, bhain an Chúirt leas chomh maith as íostarraingt ón Roinn i réimsí amhail oiliúint, soláthairtí agus trealamh oifige. Déantar monatóireacht sheasmhach ar an gcaiteachas agus déantar athbhreithniú air gach mí.

*Féach Aguisín 7: Tuarascáil Airgeadais don Bhliain 2014 chun sonraí a fháil.*

***Seirbhís do Chustaiméirí***

Léiríonn Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí na Cúirte a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil, bunaithe ar na prionsabail seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí agus Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse a d'fhormhuinigh an Rialtas. Measann an Chúirt gur chomhlíon sí na tiomantais a rinneadh sa Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí.

***Meabhrán Tuisceana***

In 2014 d'ullmhaigh an Chúirt Oibreachais Meabhrán Tuisceana (MT) lena máthair-Roinn (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta) i gcomhlíonadh an cheanglais faoi chinneadh an Rialtais an 15 Samhain 2011 agus faoin gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh an 17 Samhain 2011 do gach Roinn chun, i measc rudaí eile, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse láidre a chur i bhfeidhm lena gComhlachtaí Stáit faoi Mheitheamh 2012.

Gheall an Chúirt go soláthródh sí comhaontú leibhéal seirbhíse de réir na dtáirgí insoláthartha agus na gcritéar feidhmíochta atá sainithe ina clár oibre bliantúil atá curtha isteach aici, mar atá leagtha amach in Aguisín 8 agus de réir na reachtaíochta ábhartha uile.

***Clár um Athchóiriú Caidrimh san Ionad Oibre***

I mí Iúil 2011, d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta clár chun athchóiriú a dhéanamh ar chaidreamh san aonad oibre/cearta fostaíochta agus struchtúir agus creataí caidrimh thionsclaíoch. Bunóidh an clár struchtúr dhá shraith um Chaidreamh san Ionad Oibre trí ghníomhaíochtaí an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, an Bhinse Comhionannais, agus fheidhmeanna céadchéime na Cúirte Oibreachais agus an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chumasc isteach i gComhlacht úr Céadchéime – an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (CCIO). Déanfar feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chorprú isteach i gCúirt Oibreachais leathnaithe.

Déanfar gach gearán céadchéime leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre sa chás go mbeidh trí rogha chun gearáin a réiteach ar fáil – luathréiteach, iniúchadh agus breithiúnas. Déanfar na hachomhairc uile chuig an gCúirt Oibreachais agus ní dhéanfar ach achomhairc bhreise chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí.

Coinneofar an Chúirt Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách agus beidh sí ina comhlacht achomhairc aonair a dhéileálfaidh le gach achomharc ón CCIO. Leanfaidh an Chúirt Oibreachais lena seirbhísí reatha uile a sheachadadh (seachas an líon beag feidhmeanna céadchéime a aistríodh chuig an CCIO) chomh maith le feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (BAF) a ghlacadh.

**AN CHÚIRT OIBREACHAIS**

**THE LABOUR COURT**

AGUISÍNÍ THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

## AGUISÍN 1 TARCHUIR A FUARTHAS IN 2014

| *Alt/Acht/Iarratas* | **2014** | **2013** | | **Difríocht** |
|---|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Gearán ag ceardchumann maidir le sárú CFC) | 0 | 37 | | -37 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC) | 0 | 2 | | -2 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC – tarchur ag Cúirt Dlí) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Léirmhíniú cód cleachtais) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Ceist scóip CCO nó ORF) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Gearán faoi shárú CFC) | 0 | 10 | | -10 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Achomharc i leith Mholadh an Choimisinéara um Chearta) | 155 | 144 | | +11 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 125 | 192 | | -67 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir na páirtithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 2 | 4 | | -2 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt) | 182 | 166 | | +16 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla) | 1 | 0 | | +1 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú ag an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Cásanna gan nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm) | 1 | 0 | | +1 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 (Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Achomharc i leith Chinneadh an Choimisinéara um Chearta – maidir le híospairt) | 1 | 0 | | +1 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Léirmhíniú ar chomhaontú maidir le pá agus coinníollacha) | 2 | 0 | | +2 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chaidreamh Tionsclaíoch*** | ***469*** | **555** | | **-86** |
| **Comhionannas** | | | | |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais – teorainn ama) | 4 | 3 | | +1 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 44 | 66 | | -22 |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2008 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 4 | 1 | | +3 |
| Alt 81(4), an tAcht Pinsean, 1990 (Cás arna tharchur chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 1 | 0 | | +1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | ***53*** | **70** | | **-17** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Eagrú Ama Oibre** | | | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc i leith chinneadh Coimisinéara um Chearta) | 116 | 107 | | +9 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 67 | 100 | | -33 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Eagrú Ama Oibre*** | **183** | **207** | | **-24** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Obair Ghníomhaireachta Shealadach** | | | | |
| Alt 25(2) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 12 | 24 | | -12 |
| Alt 25(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 1 | 1 | | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna Obair Ghníomhaireachta Shealadach*** | **13** | **25** | | **-12** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Nochtadh Cosanta faoin Acht um Cheartas Coiriúil** | | | | |
| Alt 20(2) | 0 | 1 | | -1 |
| | | | | |
| ***Iomlán an Nochta Chosanta faoin Acht um Cheartas Coiriúil*** | **0** | **1** | | **-1** |

| *Alt/Acht/Iarratas* | **2014** | **2013** | | **Difríocht** |
|---|---|---|---|---|
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | 21 | 16 | | +5 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 5 | 7 | | -2 |
| ***Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | ***26*** | **23** | | **+3** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | | |
| Alt 17(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | 12 | 10 | | +2 |
| Alt 17(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 0 | | = |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | **12** | **10** | | **+2** |
| **Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)** | | | | |
| Alt 15(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | ***39*** | ***37*** | | +2 |
| Alt 15(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2003 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 2 | 4 | | -2 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Théarma Shocraithe*** | **41** | **41** | | **0** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair** | | | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag Coimisinéir um Chearta) | ***18*** | ***19*** | | -1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005<br>(Gearán ag fostaí nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 1 | 2 | | -1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair*** | **19** | **21** | | **-2** |
| **Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe** | | | | |
| Alt 15(1), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006<br>(Cásanna arna dtarchur chuig an gCúirt go díreach) | ***1*** | ***0*** | | +1 |
| Alt 6(5), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | 1 | 0 | | +1 |
| Alt 15(4), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 15(5), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | ***15*** | ***4*** | | +11 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Fhaisnéis agus Comhairliúchán*** | 17 | **4** | | **+13** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | | |
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), (Iarratas ón Aire le haghaidh tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | ***0*** | ***0*** | | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chomhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | **0** | **0** | | **0** |
| **Sláinte** | | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | **2** | **0** | | +2 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Sláinte*** | **2** | **0** | | **+2** |
| ***Iompar ar Bóthar*** | | | | |
| Alt 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | **14** | **0** | | **+14** |
| ***Iomlán na gCásanna um Iompar ar Bóthar*** | **14** | | | **+14** |
| **AN LÍON IOMLÁN TARCHUR A FUARTHAS** | **849** | **957** | | **-108** |

## AGUISÍN 2 CÁSANNA A CUIREADH I GCRÍCH IN 2014

| *Alt/Acht/Iarratas* | **2014** | **2013** | | **Difríocht** |
|---|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Gearán ag ceardchumann maidir le sárú CFC) | 0 | 76 | | -76 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC) | 0 | 2 | | -2 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC – tarchur ag Cúirt Dlí) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Gearán faoi shárú CFC) | 0 | 33 | | -33 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Achomharc i leith Mholadh an Choimisinéara um Chearta) | 123 | 109 | | +14 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 96 | 131 | | -35 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir na páirtithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 3 | 5 | | -2 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt) | 160 | 136 | | +24 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla) | 1 | 0 | | +1 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Léirmhíniú cód cleachtais) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 43(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 Gearán faoi shárú ar Chód Cleachtais | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú ag An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Cásanna gan nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 (Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Achomharc i leith Chinneadh an Choimisinéara um Chearta – maidir le híospairt) | 1 | 0 | | +1 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Ceist maidir le scóip CCO nó ORF) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Léirmhíniú ar chomhaontú maidir le pá agus coinníollacha) | 2 | 0 | | +2 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chaidreamh Tionsclaíoch*** | ***386*** | ***492*** | | ***-106*** |
| **Comhionannas** | | | | |
| Alt 24, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977 (Gearán nár cuireadh Cinntiúchán na Cúirte i bhfeidhm) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 77(2), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Cásanna maidir le díbhe a d'eascair ó idirdhealú nó íospairt) | 0 | 0 | | 0 |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais – teorainn ama) | 6 | 2 | | +4 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 43 | 37 | | +6 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2008 | 1 | 0 | | +1 |
| Alt 81(4), an tAcht Pinsean, 1990 (Cás arna tharchur chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 1 | 0 | | +1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | ***51*** | ***39*** | | ***+12*** |

| *Alt/Acht/Iarratas* | **2014** | **2013** | | **Difríocht** |
|---|---|---|---|---|
| **Eagrú Ama Oibre** | | | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc i leith chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 90 | 84 | | +6 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh chun feidhme cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 55 | 95 | | -40 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Eagrú Ama Oibre*** | ***145*** | ***179*** | | ***-34*** |
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 19 | 8 | | +11 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh chun feidhme cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 5 | 6 | | -1 |
| ***Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | ***24*** | ***14*** | | ***+10*** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | | |
| Alt 17(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 7 | 5 | | +2 |
| Alt 17(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Gearán nár cuireadh chun feidhme cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 0 | | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | ***7*** | ***5*** | | ***+2*** |
| **Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)** | | | | |
| Alt 15(1) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéra um Chearta) | ***29*** | ***37*** | | ***-8*** |
| Alt 15(8) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Gearán nár cuireadh chun feidhme cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 2 | 2 | | ***0*** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Théarma Shocraithe*** | 31 | 39 | | ***-8*** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas Fostaithe** | | | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 7 | 21 | | ***-14*** |
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Gearán ag fostaí nár cuireadh chun feidhme cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 1 | 0 | | ***+1*** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas*** | 8 | 21 | | ***-13*** |
| **Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe** | | | | |
| Alt 15 d'Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | ***7*** | ***7*** | | ***0*** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Fhaisnéis agus Comhairliúchán*** | 7 | ***7*** | | ***0*** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | | |
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), (Iarratas ón Aire le haghaidh | ***0*** | ***0*** | | 0 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | | | | |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chomhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | 0 | 0 | | **0** |
| **Sláinte** | | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | **0** | **0** | | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Sláinte*** | 0 | 0 | | **0** |
| **Obair Ghníomhaireachta Shealadach** | | | | |
| Alt 25(2) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 8 | 3 | | +5 |
| Alt 25(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 0 | 1 | | -1 |
| ***Iomlán na gCásanna Obair Ghníomhaireachta Shealadach*** | ***8*** | ***4*** | | **+4** |
| ***Iompar ar Bóthar*** | | | | |
| Alt 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | ***5*** | ***0*** | | **+5** |
| ***Iomlán na gCásanna um Iompar ar Bóthar*** | ***5*** | ***0*** | | **+5** |
| ***Iomlán*** | ***672*** | ***800*** | | **-128** |

## AGUISÍN 3

## *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCLAÍOCHA CLÁRAITHE*

Tugtar na sonraí seo a leanas de chomhlachais ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an tuarascáil seo; tugtar iad de réir cheangaltais Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comhbhord Eadrána agus Idir-Réitigh do Thionscal Buataisí agus Bróg na hÉireann

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | An 10 Iúil 1948 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

2. Comhchomhairle Thionsclaíoch do Thrádáil Mórdhíola na dTorthaí agus na nGlasraí i mBaile Átha Cliath

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | An 27 Eanáir 1964 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

3. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Trádála

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | An 26 Iúil 1965 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

4. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Slándála

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | An 12 Nollaig 2011 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

5. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Glantóireachta ar Conradh

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | An 19 Nollaig 2011 |
| *Rúnaí:* | An tUasal C. Cronin/an tUasal C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

## AGUISÍN 4

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE OIBREACHAIS*

***Réamhrá Ginearálta***

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946. Is iad feidhmeanna na Cúirte cabhair a sholáthar chun saincheisteanna caidrimh thionscail a réiteach. Ó bunaíodh an Chúirt 68 bliain ó shin, tá a feidhm tar éis teacht chun cinn agus leathnú, go mór mhór trína feidhm bhreithiúnais nua le blianta beaga anuas maidir le réimse leathan cearta fostaíochta mar a leagtar síos sna reachtanna éagsúla.

Ag an tráth seo, is féidir feidhm na Cúirte a roinnt go forleathan idir a cuid oibre um ***chaidreamh tionsclaíoch*** (na saincheisteanna siúd a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a cuid oibre ***um chearta fostaíochta*** (na cásanna a tharchuirtear chuig an gCúirt faoi Achtanna na gceart fostaíochta).

***Caidreamh Tionsclaíoch***

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2012, do shaothar na Cúirte Oibreachais san earnáil caidrimh thionscail. Tá feidhmeanna éagsúla ag an gCúirt, agus is iad seo a leanas a bpríomhfheidhmeanna:

- *Fiosrúchán ar dhíospóidí caidrimh thionsclaíoch*

  Is ó iarrachtaí ar Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (trí chruinnithe idir-réitigh idir na páirtithe difriúla) teacht ar réiteach comhaontaithe a thagann mórchuid de na díospóidí a thagann os comhair na Cúirte chun fiosrúchán a dhéanamh orthu. Nuair a tharchuirtear díospóid chuig an gCúirt, beidh Éisteacht aici, agus eiseoidh sí *'Moladh'* ina dhiaidh sin, ina leagtar amach tuairimí na Cúirte maidir le réiteach réasúnta ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna faoi dhíospóid. Níl an moladh ina cheangal ar na páirtithe ach bheadh orthu aird a thabhairt ar thuairimí na Cúirte.

In ionad próiseas idir-réitigh leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, is féidir le ceachtar den dá pháirtí díospóidí a tharchur go díreach chuig an gCúirt nuair a aontaíonn siad roimh ré go nglacfaidh siad le Moladh na Cúirte.

Tá forálacha speisialta ann a bhaineann le díospóidí sa chás nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás dá leithéid, eiseoidh an Chúirt Moladh i ndiaidh a himscrúdaithe agus mura gcloífear le téarmaí an Mholta laistigh de thréimhse faoi leith, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas, *'Cinntiúchán'* in-fheidhmithe a eisiúint.

- *Achomhairc i gcoinne moltaí ó Choimisinéirí um Chearta*

  Féadtar díospóid chaidrimh thionsclaíoch a bhaineann le hoibrí amháin a tharchur ar dtús chuig Coimisinéir um Chearta chun Moladh a fháil. Féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais maidir le Moladh an Choimisinéara um Chearta, agus tar éis éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt 'Cinneadh' a bheidh de cheangal ar na páirtithe.

- *Clárú Comhaontuithe Fostaíochta*

  Tugtar cur síos ar shaothar na Cúirte sa limistéar seo níos luaithe sa Tuarascáil Bhliantúil. De ghnáth, beidh ar an gCúirt comhaontú pá agus coinníollacha a chlárú a tugadh chun críche ag an dá 'thaobh' in earnáil nó i bhfiontar ar leith agus is é an éifeacht a bheidh ag an gclárú sin ná go ndéanfar comhaontú atá infhorfheidhmithe go dlíthiúil den chomhaontú. Is féidir gearán maidir le sárú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe a dhéanamh chuig an gCúirt, a dhéanann imscrúdú ar an ngearán, agus a bhíonn in ann Ordú a dhéanamh a threoraíonn gur chóir nithe sonracha a dhéanamh ionas go gcloítear leis an gComhaontú.

- *Comhchoistí Oibreachais/Orduithe Rialaithe Fostaíochta*

  Tugtar cur síos ar an réimse seo gníomhaíochtaí den Chúirt Oibreachais in áit eile sa Tuarascáil. Go hachomair, féadfaidh an Chúirt, ar iarraidh orthu, Comhchoiste Oibreachais a bhunú i leith earnáil áirithe. Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil sin a bheidh ar an gCoiste faoi chathaoirleach neamhspleách. Tionólfaidh an Coiste chun rátaí pá agus coinníollacha a phlé a chuirfear chun feidhme san earnáil agus féadfaidh siad tograí a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun na rátaí agus coinníollacha comhaontaithe a ionchorprú in ionstraim atá infhorfheidhmithe sa dlí dá

ngairtear 'Ordú Rialaithe Fostaíochta'.  Tagair don nóta níos luaithe, le do thoil, maidir le tionchar rialáil na hArd-Chúirte in Iúil 2011ar in-fhorfheidhmeacht ORFanna.

- *Cóid Chleachtais*

  Déanann an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990, foráil do *'chóid chleachtais'* maidir le caidreamh tionscail a bheith ullmhaithe ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Nuair a bhíonn cód den sórt sin i bhfeidhm, is féidir iarratas a dhéanamh freisin chuig an gCúirt maidir le sárú ar an gcód.  Ina theannta sin, féadtar gearán a dhéanamh faoi shárú cóid a dhéanamh leis an gCúirt.

***Cearta Fostaíochta***

Is éard a bhaineann leis an bpríomhobair don Chúirt i limistéar na gcearta fostaíochta gníomhú mar chomhlacht achomhairc maidir le cinntí comhlachtaí Cearta Fostaíochta eile a fheidhmíonn chun éilimh nó gearáin a imscrúdú a rinneadh faoin reachtaíocht ábhartha.

- *Comhionannas Fostaíochta*

  Nuair a bhíonn éileamh idirdhealú fostaíochta curtha isteach chuig Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2008, agus nuair a bhíonn cinneadh eisithe ag an Stiúrthóir maidir leis an éileamh, is féidir le ceachtar páirtithe achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gCúirt Oibreachais.  Reáchtálfaidh an Chúirt Éisteacht maidir leis an achomharc agus eiseoidh siad *'Cinntiúchán'*.

- *Cearta Fostaíochta Eile*

  Le blianta beaga anuas, tá réimse leathan de chearta fostaíochta in Achtanna éagsúla de chuid an Oireachtais leagtha amach.  Nuair a dhéantar gearán leis an gCoimisinéir um Chearta a chuireann i leith gur sáraíodh ceann de na reachtanna um chearta fostaíochta thíos, is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta, eisíonn an Chúirt ansin cinntiúchán tar éis éisteachta leis na páirtithe.

  Freisin, nuair a theipeann ar fhostóir cloí le Cinneadh an Choimisinéara um Chearta i gcás ar bith agus mura bhfuil achomharc déanta i gcoinne an Chinnidh sin chuig an gCúirt Oibreachais, féadfaidh an t-oibrí, tar éis tréimhse ama sonraithe, gearán a

dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais agus eiseoidh an Chúirt *'Cinntiúchán'* in-fhorfheidhmithe.

Go príomha, eascraíonn na feidhmeanna seo den Chúirt Oibreachais faoi na hAchtanna a leanas:

- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
- An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005


## AGUISÍN 5

**STRUCHTÚR AGUS RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS**

Tá an Chúirt Oibreachais comhdhéanta de naonúr comhaltaí – Cathaoirleach, beirt Leas-Chathaoirleach agus seisear Gnáthchomhaltaí (triúr a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe agus triúr eile do na fostóirí). Tá comhairleoir dlí sa Chúirt Oibreachais ar a dtugtar Cláraitheoir.


***ÉISTEACHT NA CÚIRTE***

Déanann Rannán de chuid na Cúirte ar a bhfuil Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach de chuid na Cúirte, Comhalta Oibrí agus Comhalta Fostóra gach éisteacht de chuid na Cúirte




Freastalaíonn Rúnaí Cúirte ar gach éisteacht chomh maith.

***RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS***



## AGUISÍN 6

### *BREIS FAISNÉISE*

Tá fáil ar thuilleadh faisnéise faoi rud ar bith a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ó:

An Chúirt Oibreachais
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Guthán: (01) 613 6666
Uimhir íosghlao [má táthar ag glao lasmuigh de limistéar (01)]: 1890 22 02 28
Facs: (01) 613 6667

R-phost: info@labourcourt.ie
Láithreán Gréasáin: www.workplacerelations.ie

| **Ceist** | **Rannán Ábhartha na Cúirte Oibreachais** | **Teagmháil** |
|---|---|---|
| Maidir le cás ar leith, ***roimh*** an éisteacht | An Rannán Cláreagraithe | (01) 6136608, 6136626, 6136610, |
| | | |
| Maidir le cás ar leith, ***i ndiaidh*** na héisteachta | Rúnaí Ábhartha na Cúirte | Amhail a thugtar le fios ag an éisteacht |
| | | |
| Comhchoistí Oibreachais<br>Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe<br>Orduithe Rialúcháin Fostaíochta<br>Pá Íosta Náisiúnta<br>Clárúcháin do phrintíseachtaí gruagaireachta | Comhchoistí Oibreachais/ Rannóg na gComhchomhairlí Tionsclaíocha | (01) 6136631, 6136632, 6136626<br>6136629<br>R-phost: jlc@labourcourt.ie |
| | | |
| Faisnéis ghinearálta maidir le caidreamh tionsclaíoch, comhionannas, eagrú ama oibre, obair pháirtaimseartha, obair théarma shocraithe | Seirbhísí do Chustaiméirí Caidrimh Thionsclaíoch | 1890 80 80 90 |

## AGUISÍN 7

### *TUARASCÁIL AIRGEADAIS 2014*

| **Tuarascáil Airgeadais don bhliain 2014** | **€** |
|---|---|
| Pá: | 1,817,527 |
| Neamhphá: | 265,565 |
| IOMLÁN | 2,083,092 |

| B'ionann a leanas na príomhlimistéir chaiteachais neamhphá: | € |
|---|---|
| Postas/Gutháin | 79,500 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 10,381 |
| Áitreabh na hOifige | 63,156 |

B'ionann caiteachas ar chásobair lena raibh gá éisteachtaí a dhéanamh i suíomhanna lasmuigh de cheanncheathrú na Cúirte Oibreachais agus €74,135.

**Íocaíochtaí Prasa**

Lean an Chúirt leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála) 2002). De réir chinneadh an Rialtais S29296 an 2 Márta 2011, tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil. Más gá, íocfar ús ar íocaíocht phras de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## AGUISÍN 8

### *CLÁR OIBRE NA CÚIRTE OIBREACHAIS DON BHLIAIN 2014 PRÍOMHGHNÍOMHARTHA AGUS PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA*

| Gníomh | Feidhmíocht in 2014 |
|---|---|
| Obair in idirchaidreamh leis an Oifig Tionscadail Athchóirithe chun na tionscnaimh luathbhuachana faoin gClár Athchóirithe a chur i bhfeidhm agus a leabú. | Dréachtaíodh foirm achomharc in idirchaidreamh leis an bhFoireann Tionscadail.<br><br>Leanadh le hidirchaidreamh leanúnach leis an nGrúpa Seachadta Cláir. |
| Idirchaidreamh éifeachtúil a dhéanamh leis an Oifig Tionscadal maidir le próiseáil gearán um chaidreamh san ionad oibre agus sceidealú agus bainistíocht éisteachtaí a chuíchóiriú tuilleadh agus acmhainní a thabhairt ina leith. | Idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh leis an bhfoireann Tionscadail.<br><br>Rialacha agus Nósanna Imeachta inmheánacha dréachtaithe do phróisis Ghnó nua.<br><br>Ionchur tugtha don phróiseas dearaidh don Chóras Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí (CBCC)<br><br>Freastal leanúnach ar chruinnithe faoi mar a theastaíonn. |
| Idirchaidreamh éifeachtúil a dhéanamh leis an Oifig Tionscadal maidir le cur i bhfeidhm an Bhille um Chaidreamh san Áit Ionad Oibre (Leasú) agus acmhainní a thabhairt dó. | Thit ath-imlonnú foirne amach faoi mar a theastaigh in 2014. |
| Fuarthas agus cláraíodh gearáin, achomhairc agus tarchur díospóidí go héifeachtúil agus go héifeachtach. | Baineadh amach an sprioc maidir le gearáin/achomhairc a chlárú laistigh de 5 lá oibre óna bhfáil.<br><br>Baineadh amach an sprioc chun aitheantais a eisiúint do Ghearánaithe agus fógraí a eisiúint d'Fhreagróirí laistigh de 5 lá oibre tar éis achomhairc/tarchur a fháil. |
| Soláthar a dhéanamh d'éisteacht éifeachtúil agus éifeachtach gearán, achomharc agus tarchur | Baineadh amach na spriocanna le haghaidh éisteachtaí Cúirte maidir leis an méid a leanas: |

| Gníomh | Feidhmíocht in 2014 |
|---|---|
| díospóidí. | • dátaí éisteachta a shocrú<br>• éisteachtaí a chur ar bun<br>• cinntiúcháin a eisiúint<br>• cinntiúcháin a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin<br><br>Achoimrithe ar chásanna cearta fostaíochta ina raibh baint ag pointe dlí nár foilsíodh in 2014 mar gheall ar shrianta buiséid. |
| Clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhaltaí na Cúirte | Freastalaíodh ar 2 chomhdháil in 2014.<br><br>Rinne an Chúirt Oibreachais óstáil ar chruinniú Bhreithiúna Cúirte 2014 Chúirt Oibreachais na hEorpa i Meán Fómhair 2014.<br><br>Cuireadh 2 fhóram intí ar bun. |
| Athbhreithniú ar CCOanna<br><br>Rúnaíocht a sholáthar do CCOanna. | Rinneadh coinní le 3 CCO a athbhunaíodh in 2014.<br><br>Soláthraíodh an rúnaíocht, faoi mar a theastaigh in 2014. |
| Fáil éifeachtúil agus éifeachtach tograí agus iarratas maidir le ORFanna a éagsúlú nó a chur ar ceal, agus cinneadh a dhéanamh maidir leo. | Baineadh na spriocanna amach chun tograí a phoibliú ón CCO.<br><br>Soláthraíodh an rúnaíocht, faoi mar a theastaigh in 2014.<br><br>Níor cuireadh aon ORFanna faoi bhráid na Cúirte Oibreachais in 2014. |
| Cinneadh a dhéanamh ar iarratais maidir le clár CCTanna a chlárú/a chur ar ceal.<br><br>Rúnaíocht a sholáthar do CCTanna. | Ní raibh CCT nua ar bith agus níor cealaíodh aon CCT in 2014.<br><br>Soláthraíodh an rúnaíocht, faoi mar a theastaigh. |
| Fáil éifeachtúil agus éifeachtach tograí agus iarratas maidir le comhaontuithe fostaíochta a chlárú, a éagsúlú nó a athbhreithniú, agus cinneadh a dhéanamh maidir leo. | CFCanna nua nó éagsúlaithe ar bith in 2014. |

| **Gníomh** | **Feidhmíocht in 2014** |
| --- | --- |
| | |
| Bainistiú a dhéanamh ar an scéim um chlárú printísigh ghruagaireachta a bhainistiú. | Baineadh amach an sprioc maidir le printíseachtaí a chlárú agus litreacha um dhearbhú a eisiúint d'eisimircigh ionchasacha. |